

gael scoil na gcloch liath



Na Clocha Liatha
Co. Chill Mhantáin
Uimhir Rolla 20301C

Fón: 086 8817632
R-Phost: oifig@gscl.ie
Idirlíon: www.gscl.ie

Cód Iompair

Réamh ráiteas:

Chuireadh an polasaí seo le chéile tar éis comhairliúcháin a dhéanamh le Foireann na Scoile, an Bhord Bhainistíochta agus Coiste na dTuismitheoirí tar éis plé a dhéanamh ar an ábhar.

This policy was written after consultation with the school staff, the Board of Management and the Parents' Association after discussion of the subject.

Nóta: Tuigtear go gciallaíonn an téarma “tuismitheoirí” sa pholasaí seo tuismitheoirí agus caomhnóirí.

Note: The term “Parents” in this policy refers to both parents and guardians.

Réasúnaíocht:

Is riachtanas é faoi chiorclán 20/90 na Roinne Oideachais agus Eolaíochta maidir le Disciplín Scoile agus faoin Acht Leasa Oideachais 2000. Cuirimís comhionannas deise chun cinn agus toirmiscimid idirdhealú, ciapadh agus ciapadh gnéasach ar na naoi bhforas seo:

• inscne	• stádas pósta	• stádas teaghlaigh
• claonadh gnéis	• creideamh	• aois
• míchumas	• cine	• bheith i do bhall den Lucht Siúil

Éilítear cóiríocht réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas.

It is a requirement under DES Circular 20/90 on School Discipline and the Education Welfare Act 2000. We promote equality of opportunity and prohibit discrimination, harassment and sexual harassment on these nine grounds:

• gender	• marital status	• family status
• sexual orientation	• religion	• age
• disability	• race	• membership of the Traveller Community

Reasonable accommodation is required for people with disabilities.

An Gaol le spioraid tréitheach na scoile:

Tá sé tábhachtach dúinn sa phobal scoile go mbeadh luachanna idirchreidmheacha agus morálacha na scoile le feiceáil sa Chód Iompair. Ba mhaith linn go gcothóidh an Cód timpeallacht shocair a chothóidh mianach na ndaltaí go léir i gcómhthéacs comhoibriú idir an fhoireann, tuismitheoirí agus daltaí.

It is important to us in our school community that our interdenominational and moral values be reflected in the Code of Behaviour. We want through the Code to create a harmonious environment which will help to nurture the potential of all of our pupil's with co-operation between staff, parents and pupils.

Aidhmeanna:

Ba mhaith leis an scoil tríd an bpolasaí seo:

- Ligint don scoil feidhmiú ar bhealach ordúil, socair, sábháilte.
- Béim a chur ar thimpeallacht foghlama ina dtig le leanaí dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbairt
- Atmosféar ina mbíonn meas, tuiscint agus cineáltas i leith daoine eile á chruthú agus ina gcuirtear iompar dearfach chun cinn.

Through this policy the school hopes to:

- *Allow the school to function in an orderly, safe and harmonious way.*
- *Enhance the learning environment where children can make progress in all aspects of their development.*
- *Create an atmosphere of respect, understanding and consideration for others and in which positive behaviour is promoted.*

Prionsabail:

- Aithníonn an scoil go bhfuil a lán difríochtaí idir leanaí agus go bhfuil sé tábhachtach na difríochtaí seo a aithint.
- Aontaítear go bhfuil tuiscint láidir pobail sa scoil, agus leibhéal ard comhoibriú fóirne, idir an fhoireann, tuismitheoirí agus daltaí, an-tábhachtach chun ard-chaighdeán iompair a chothú.
- Déanfar gach iarracht an Cód Iompair a chur i bhfeidhm i slí atá réasúnta, cóir agus seasmhach.
- *The school recognizes the variety of differences that exist between children and the need to recognize these differences.*
- *It is agreed that a high standard of behaviour requires a strong sense of community within the school and a high level of co-operation among staff, parents and pupils.*
- *Every effort will be made to ensure that the Code of Behaviour is implemented in a reasonable, fair and consistent manner.*

Rialacha Scoile:

Sábháilteacht:

I dtaobh mo shábháilteacht féin agus sábháilteacht daoine eile-

- Siúlfaidh mé i bhfoirgneamh na scoile i gcónaí.
- Fanfaidh mé i mo áit sa rang i gcónaí (am lóin/ithe san áireamh)
- Sa chlós, beidh mé aireach agus beidh meas agam ar na daltaí eile atá sa scoil
- Níl cead agam dul thar teorainn na scoile gan cead ón bPríomhoide
- Ní thabharfaidh mé buidéal gloine ar scoil.
- Níl cead agam scútar, clár scátála, lanna rollála nó bróga le rotha a thabhairt ar scoil.
- Tá cead agam uaireadóir a chaitheamh. Tá cead agam freisin fáinne cluasa studa amháin a chaitheamh sna cluasa. Níl cead aon seodra eile a chaitheamh.

gael scoil na gcloch liath: Cód Iompair

For my own safety and that of others-

- *I will always walk in the school building*
- *I will remain in my place at all times in class (also when eating lunch)*
- *In the yard, I will be aware of and show respect for my fellow pupils.*
- *I should never leave the school grounds without the permission of the Principal*
- *I will not bring glass bottles into school.*
- *I will not bring scooters, skate-boards, rollerblades or any shoes with wheels into school*
- *I can wear a watch. I can also wear stud earrings (maximum one per ear). I will not wear any other jewellery.*

Aire dom féin:

- Déanfaidh mé mo dhícheall bheith i láthair agus poncúlach gach lá.
- Beidh meas agam orm féin agus ar mo chuid, ag coinneáil mo mhála scoile, leabhair agus cóipleabhair in eagar maith.
- Léireoidh mé meas ar mo scoil agus beidh mé bródúil as na héadaí scoile ar fad a chaitheamh gach lá.
- Díreoidh mé aire ar mo ghlaineacht féin.
- Tabharfaidh mé lón sláintiúil, folláin ciallmhar ar scoil liom gach lá.
- Déanfaidh mé mo dhícheall ar scoil i gcónaí tríd éisteacht go cúramach, obair go dian, agus mo obair bhaile a dhéanamh agus a chríochnú le cúram.
- Ní bheidh guma agam ar scoil.

- *I will strive to attend school punctually every day.*
- *I will respect myself and my property, keeping my school bag, books and copies in good order.*
- *I shall show respect for my school and be proud to wear the complete school uniform every day.*
- *I will always be aware of my personal cleanliness.*
- *I will always bring a sensible, nutritional lunch to school.*
- *I will always do my best in school by listening carefully, working as hard as I can and by completing my homework.*
- *I will not have gum with me in school.*

Aire do dhaoine eile:

- Beidh mé cneasta agus léireoidh mé meas ar fhoireann na scoile, ar chuiditheoirí agus ar mo chomhdhaltaí trí bheith béasach agus dea-mhúinte, trí roinnt agus trí bheith ciúin agus faoi smacht i mo líne ranga.
- Beidh mo iompar go maith sa rang chun an seans is fearr a thabhairt dom féin agus do na daltaí eile foghlam.
- Glacfaidh mé le cinntí fhoireann na scoile.
- Beidh mé ionraic agus macánta i gcónaí.
- Ní bheidh fón póca nó chluichí leictreonacha (seinnteoir MP3, consól cluichí &rl.) agam ar scoil.

- *I will be kind and respectful to all school staff, to visitors and to my fellow pupils by being mannerly and polite, by taking turns and by remaining quiet and orderly in my class line.*
- *I will behave well in class so that my fellow pupils and I can learn.*
- *I will accept decisions of staff members.*
- *I shall be truthful and honest at all times.*
- *I will not have a phone or any electronic device (MP3 player, Games console, etc.) in school.*

gael scoil na gcloch liath: Cód Iompair

Ní bheidh mé páirteach i(n):

- iompar a ghortaíonn daoine eile (bulaíocht, ciapadh, leithcheal agus íospairt san áireamh)
- iompar a chuireann isteach ar theagasc agus ar fhoghlaim
- bagairtí nó duine eile a ghortú go fisiceach
- damáiste do mhaoin
- goid

I will not be involved in:

- *behaviour that is hurtful (including bullying, harassment, discrimination and victimisation)*
- *behaviour that interferes with teaching and learning*
- *threats or physical hurt to another person*
- *damage to property*
- *theft*

Bulaíocht:

Ní cheadaítear bulaíocht riamh agus ní ghlactar leis sa scoil seo ar chor ar bith. Má tharlaíonn sé, ba chóir insint don tuismitheoirí agus/nó don mhúinteoir. I gcásanna bulaíochta, déan tagairt don Pholasáí Frith-Bhulaíochta

Bullying is always unacceptable and it is never tolerated in this school. If it happens, parents and/or teachers should be informed. In cases of bullying, the Anti-Bullying policy should be referred to.

Obair Bhaile:

Tugtar obair bhaile go rialta mar pholasáí scoile. Molaimid go láidir go nglacfaidh tuismitheoirí páirt gníomhach in obair bhaile a bpáistí. Iarrfar orthu an Dialann Scoile a shíniú gach oíche (ó Rang 1 ar aghaidh) chun cinntiú go bhfuil an obair déanta, agus é déanta le cúram.

It is the policy of the school to assign homework on a regular basis. Parents are strongly advised to take an active interest in their children's homework and to sign their Homework Diary each night (from 1st Class onwards) to ensure the work is done, and done with due care.

Straitéisí:

- A. Múinfeadh dea-chleachtais iompair agus straitéisí fadhbréiteacha go neamhfhoirmiúil i rith an lae agus go foirmiúil sna ranganna OSIE, ag tabhairt aird faoi leith ar pháistí le riachtannais speisialta.
- A. *Children will be taught good behaviour habits and problem-solving strategies informally during the day and formally in SPHE lessons, giving special attention to children with special educational needs.*

B. Is féidir moladh a thabhairt i mbealaigh éagsula, mar shampla:

- Moladh ó bhéal, nó gníomh a léiríonn moladh.
- Léirmheas scríofa i gcóipleabhar an pháiste
- An páiste a chur ar cuairt go múinteoir eile nó go dtí an Príomhoide chun moladh a fháil
- Moladh ó bhéal ós cómhair grúpa/an ranga
- Córas réaltaí/ marcanna tuillteanais in úsáid i ngach rang
- Teastas a bhronnadh ag tionól rialta
- Freagracht nó pribhléid speisialta a thabhairt
- Labhairt le tuismitheoirí nó rud éigin i scríbhinn a chur abhaile

B. *Praise may be given in many ways, for example:*

- *A quiet word or gesture to show approval*
- *A comment in a pupil's exercise book*
- *A visit to another member of Staff or to the principal for commendation*
- *A word of praise in front of a group or class*
- *A system of merit marks/ star chart will be used in each class*
- *Certificates presented at regular assemblies*
- *Delegating some special responsibility or privilege*
- *A mention to parents, written or verbal communication*

C. Straitéisí chun deileáil le hiompar nach féidir glacadh léi – Braitheann an straitéis a úsáidtear ar leibhéal an droch-iompair

- Réasúnaíocht leis an dalta
- Casaoid (lena n-airítear comhairle maidir le feabhsú)
- Cumarsáid le tuismitheoirí ó bhéal
- Scaradh sealadach sa rang
- Cailliúint phribhléidí
- Páiste a choinneáil istigh le linn am sosa chun obair bhreise a dhéanamh
- Obair bhaile bhreise
- An dalta a chuir chuig an bPríomhoide
- Nóta/Litir go tuismitheoirí
- Buailleadh le Tuismitheoirí
- Fionraíocht inmheánach (go rang eile)
- Fionraíocht
- Díbirt (de réir an Acht Oideachais (Leas).) Céimeanna díbirthe in Aguisín 1

C. *Strategies for dealing with unacceptable behaviour – The nature of the behaviour will determine the strategy*

- *Reasoning with pupils*
- *Reprimand (including advice on how to improve)*
- *Oral communication with parents*
- *Temporary separation within the class*

gael scoil na gcloch liath: Cód Iompair

- *Loss of privileges*
- *Detention during a break in order to do extra work*
- *Prescribing additional homework*
- *Referral to the Principal*
- *Note/Letter to parents*
- *Meet the parents*
- *In-house suspension (to another class)*
- *Suspension*
- *Expulsion (in accordance with the Education Welfare Act) Expulsion Procedure outlined in Appendix 1.*

Módhanna Imeachta:

Is iad na muinteoirí agus/nó an Príomhoide a shocróidh leibhéal an droch-iompair atá i gceist, ag tógáil san áireamh cé chomh dáiríre is atá sé nó cé chomh minic is a tharlaíonn sé.

The degree of misconduct i.e. minor, serious or gross, will be judged by the teachers and/or Principal based on a common sense approach with regard to the gravity or frequency of such misconduct.

Critéir Ráthúlachta;

- *Aischothú dearfach ó mhúinteoirí, ó thuismitheoirí agus ó dhaltaí*
- *Breathnú ar iompar i seomraí ranga, i ndorchlaí, sa chlós*
- *Positive feedback from teachers, from parents and from pupils*
- *Observation of behaviour in classrooms, corridors, yard*

Rólanna agus Freagrachtaí:

Beidh an Príomhoide, múinteoirí, Bord Bainistíochta agus Coiste na dTuismitheoirí freagrach as an bpolasaí seo a chur le chéile. Cuirfidh foireann na scoile é i ngníomh.

Beidh freagracht ag gach múinteoir dá rang féin ó thaobh comhordú agus monatóireachta. Beidh freagracht ag an bhfeighlí clóis do na páistí atá amuigh sa chlós/ timpeall na scoile ar lá fliuch.

Beidh na thuismitheoirí freagrach as tacú leis an scoil i gcás iompar/ droch-iompair a bpáistí. Tabharfar cóip den Chód Iompair do thuismitheoirí le síniú agus áit á ghlacadh acu dá bpáiste.

Tá na daltaí freagrach as an gCód Iompair a leanúint go héifeachtach.

Tá an Príomhoide freagrach as cinntiú go bhfuil an Cód i bhfeidhm go héifeachtach sa scoil.

The Principal, teachers, Board of Management and Parents' Association are responsible for devising this policy. The staff will implement it.

Each teacher will be responsible for coordinating and monitoring their own class. The yard supervisors are responsible for the children in the yard/ around the school on a wet day.

Parents have the responsibility of supporting the school in case of their children's behaviour/ misbehaviour. A copy of this will be given to all parents to sign when they are accepting a place for their child in the school.

gael scoil na gCloch Liath: Cód Iompair

The Children are responsible for following the Code of Behaviour effectively.

The Principal has responsibility for ensuring the Code is being implemented effectively in the school.

Dáta leis an bPolasaí a chur i gCrích:

Nuair atá an polasaí curtha le chéile agus daingnithe ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil na gCloch Liath.

Once the policy has been written and ratified by the Board of Management of Gaelscoil na gCloch Liath.

Clár ama Athbhreithnithe:

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo go rialta amach anseo, mar is cuí

This policy will be reviewed regularly in the future, as is necessary.

Daingniú:

Daingnithe ag an mBord Bainistíochta ar an 25ú Meitheamh 2009.

Ratified by the Board of Management on 25th June 2009.

Aguisín 1: Céimeanna Díbirthe ***Appendix 1: Expulsion Procedure***

Is don Bhord Bainistíochta é cinneadh a dhéanamh cad iad na tascanna sna céimeanna gnásúla seo a mbeadh gá cruinnithe ar leithligh a bheith ann dóibh agus cad iad na tascanna a bhféadfaí iad a chur i gcrích i gcuinníú amháin, i gcomhréir le fógra cuí a thabhairt do thuismitheoirí agus am cóir réasúnta a thabhairt d' éisteacht Boird.

It is a matter for each Board of Management to decide which of the tasks involved in these procedural steps requires separate meetings and which tasks can be accomplished together in a single meeting, consistent with giving parents due notice of meetings and a fair and reasonable time to prepare for a Board hearing.

Céim 1. Imscrúdú sonrath arna sheoladh faoi stiúir an Phríomhoide

Agus imscrúdú á dhéanamh ar líomhain, de réir gnáthamh cóir, ba chóir don Phríomhoide:

- an mac léinn agus na thuismitheoirí a chur ar an eolas faoin mhí-iompar líomhnaithe, an chaoi a ndéanfar imscrúdú air agus go bhféadfadh díbirt a bheith mar thoradh air sin
- gach deis a thabhairt do na thuismitheoirí agus don mhac léinn freagairt don ghearán go raibh mí-iompar tromchúiseach ann sula nglacfaí cinneadh smachtbhanna a ghearradh.

Step 1: A detailed investigation carried out under the direction of the Principal

In investigating an allegation, in line with fair procedures, the Principal should:

- *inform the student and their parents about the details of the alleged misbehaviour, how it will be investigated and that it could result in expulsion*
- *give parents and the student every opportunity to respond to the complaint of serious misbehaviour before a decision is made and before a sanction is imposed.*

Céim 2. Moladh ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta

I gcás go bhfuil an Príomhoide den tuairim, bunaithe ar an imscrúdú ar an mí-iompar líomhnaithe, go bhfuil díbirt tuillte ag an mac léinn, cuireann an Príomhoide moladh faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta díbirt a bhreithniú.

Step 2: A recommendation to the Board of Management by the Principal

Where the Principal forms a view, based on the investigation of the alleged misbehaviour, that expulsion may be warranted, the Principal makes a recommendation to the Board of Management to consider expulsion.

Céim 3. Breithniú an Bhoird Bhainistíochta ar mholadh an Phríomhoide: agus éisteacht a réachtáil

Tá sé mar fhreagracht ar an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar an réamh-imscrúdú agus a bheith deimhin de gur réachtáladh an t-imscrúdú i gceart de réir gnáthaimh chóra. Déanfaidh an Bord a athbhreithniú féin ar an doiciméadú go léir agus ar chúinsí uile an cháis. Ba chóir don Bhord a chinntiú nach bhfuil aon duine a raibh aon pháirt aige/aici sa chás mar chuid de bhreithniúcháin an Bhoird (mar shampla, ball den Bhord a bheadh tar éis rud a líomhain in aghaidh mic léinn). I gcás go gcinneann Bord Bainistíochta mac léinn a dhíbirt, ní foláir dó éisteacht a réachtáil. Ba chóir an cruinníú Boird a úsáidtear d'fhonn éisteacht a bheith ann a réachtáil de réir nósanna imeachta an Bhoird.

Step 3: Consideration by the Board of Management of the Principal's recommendation; and the holding of a hearing

It is the responsibility of the Board to review the initial investigation and satisfy itself that the investigation was properly conducted in line with fair procedures. The Board should undertake its own review of all documentation and the circumstances of the case. It should ensure that no party who has had any involvement with the circumstances of the case is part of the Board's deliberations (for example, a member of the Board who may have made an allegation about the student).

Where a Board of Management decides to consider expelling a student, it must hold a hearing. The Board meeting for the purpose of the hearing should be properly conducted in accordance with Board procedures.

Céim 4. Breithniúcháin an Bhoird Bhainistíochta agus bearta i ndiaidh na héisteachta

Tar éis don Bhord clos ó na páirtithe uile, tá sé mar fhreagracht ar an mBord a chinneadh cibé acu an bhfuil bunús leis an líomhain agus, má tá, cibé acu an cóir an mac léinn a dhíbirt nó nach cóir.

I gcás go bhfuil fíricí uile an cháis breithnithe ag an mBord Bainistíochta, agus go bhfuil an Bord den tuairim gur chóir an mac léinn a dhíbirt ní foláir don Bhord fógra a thabhairt don Oifigeach Leasa Oideachais i scríbhinn, agus na cúiseanna atá leis an tuairim seo (*An tAcht Oideachais (Leas), 2000, a24(1)*). Ba choir don Bhord Bainistíochta tagairt do nósanna imeachta tuairiscithe an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais nuair atá sé beartaithe mac léinn a dhíbirt. Ní féidir an mac léinn a dhíbirt go dtí go bhfuil fiche lá caite ón lá ar a bhfaigheann an OLO an fógra i scríbhinn (*An tAcht Oideachais (Leas), 2000, a24(1)*).

Ba chóir don Bhord a chur in iúl do thuismitheoirí i scríbhinn faoina thátail agus na chéad chéimeanna eile sa phróiseas. Nuair atá sé beartaithe mac léinn a dhíbirt ba chóir go ndéarfaí leis na tuismitheoirí go bhfuiltear anois chun é a chur in iúl don Oifigeach Leasa Oideachais.

Step 4: Board of Management deliberations and actions following the hearing

Having heard from all the parties, it is the responsibility of the Board to decide whether or not the allegation is substantiated and, if so, whether or not expulsion is the appropriate sanction.

Where the Board of Management, having considered all the facts of the case, is of the opinion that the student should be expelled, the Board must notify the Educational Welfare Officer in writing of its opinion, and the reasons for this opinion. (Education (Welfare) Act 2000, s24(1)). The Board of Management should refer to National Educational Welfare Board reporting procedures for proposed expulsions. The student cannot be expelled before the passage of twenty school days from the date on which the EWO receives this written notification (Education (Welfare) Act 2000, s24(1)).

The Board should inform the parents in writing about its conclusions and the next steps in the process. Where expulsion is proposed, the parents should be told that the Board of Management will now inform the Educational Welfare Officer.

Céim 5. Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais

Laistigh de thréimhse fiche lá ón dáta ar a bhfaigheann Oifigeach Leasa Oideachais fógra ó Bhord Bainistíochta go bhfuil sé beartaithe acu mac léinn a dhíbirt, ní foláir don Oifigeach Leasa Oideachais:

- gach iarracht réasúnta a dhéanamh comhairliúcháin aonair a bheith ann leis an bPríomhoide, leis na tuismitheoirí agus leis an mac léinn, agus le haon duine eile a d'fhéadfadh cabhair a thabhairt
- cruinniú a thionól leis na páirtithe a aontaíonn a bheith i láthair (*An tAcht Oideachais (Leas), 2000, alt 24*).

Go dtí go gcríochnófar na comhairliúcháin seo faoi leanúnachas an mhic léinn san oideachas, féadfaidh an Bord Bainistíochta céimeanna a ghlacadh chun a chinntiú go gcoinnítear smacht agus go gcinntítear sábháilteacht na mac léinn (*An tAcht Oideachais (Leas), 2000, a45(5)*). Féadfaidh an Bord a bheith den

tuairim go bhfuil sé oiriúnach an mac léinn a chur ar fionraí ag an am seo. Ní cóir fionraí a bhreithniú ach amháin más dócha go gcuirfeadh sé isteach go mór ar fhoghlaím na mac léinn eile dá bhfanadh an mac léinn seo sa scoil, nó go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht na mac léinn eile nó na foirne.

Step 5: Consultations arranged by the Educational Welfare Officer

Within twenty days of receipt of a notification from a Board of Management of its opinion that a student should be expelled, the Educational Welfare Officer must:

- *make all reasonable efforts to hold individual consultations with the Principal, the parents and the student, and anyone else who may be of assistance*
- *convene a meeting of those parties who agree to attend (Education (Welfare) Act 2000, section 24).*

Pending these consultations about the student's continued education, a Board of Management may take steps to ensure that good order is maintained and that the safety of students is secured

(Education (Welfare) Act 2000, s24(5)). A Board may consider it appropriate to suspend a student during this time. Suspension should only be considered where there is a likelihood that the continued presence of the student during this time will seriously disrupt the learning of others, or represent a threat to the safety of other students or staff.

Céim 6. Dearbhú ar na gcinneadh an mac léinn a dhíbirt

Tar éis na tréimhse fiche lá tar éis don Oifigeach Leasa Oideachais fógra a fháil, agus i gcás go bhfuil an Bord Bainistíochta fós den tuairim gur chóir an mac léinn a dhíbirt, dearbhóidh an Bord Bainistíochta i scríbhinn go bhfuil sé cinnte acu an mac léinn a dhíbirt. Ba chóir na tuismitheoirí a chur ar an eolas láithreach go bhfuiltear chun dul ar aghaidh leis an díbirt. Ba chóir insint do thuismitheoirí agus do mhic léinn faoin gceart atá acu chun achomhairc agus foirm chaighdeánach a sholáthar dóibh ar a bhféadfaidís a n-achomharc a thaisceadh. Ba chóir taifead foirmiúil a choinneáil den chinneadh mac léinn a dhíbirt.

Step 6: Confirmation of the decision to expel

Where the twenty-day period following notification to the Educational Welfare Officer has elapsed, and where the Board of Management remains of the view that the student should be expelled, the Board of Management should formally confirm the decision to expel (this task might be delegated to the Chairperson and the Principal). Parents should be notified immediately that the expulsion will now proceed. Parents and the student should be told about the right to appeal and supplied with the standard form on which to lodge an appeal. A formal record should be made of the decision to expel the student.